



An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

Gearrliosta na nGradam Foilsitheoireachta 2024

Irish Language Publishing
Awards Shortlist 2024



www.antoireachtas.ie/gradaim-foilsitheoireachta

**LOVE
LEABHAR
GAELIGE**
Le Foras na Gaeilge



ÁISÍNEACT
DÁILEACHÁIN
LEABHAR


Foras na Gaeilge



An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

Gradam Uí Shúilleabháin

Leabhar Gaeilge na Bliana don Léitheoir Fásta
Book of the Year for the Adult Reader




CRAINN & TOIR

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Dingle Publishing
ÚDAR | AUTHOR: Máirín Uí Chonchubhair

Is lámhleabhar bunúsach é an leabhar seo a léiríonn go cuimsitheach na crainn agus na toir atá ag fás in Éirinn, a dtábhacht miotaseolaíochta agus topagrafaíochta, litríochta, míochaine agus béaloídis; a dtábhacht mar shiombail an dúchais agus a ról i bhforbairt na mainistreacha agus na n-eastát tar éis teacht na Normannach i leith.

A simple handbook that comprehensively illustrates the trees and shrubs growing in Ireland, their mythological and topographical, literary, medicinal and folklore significance; their importance as a native symbol and their role in the development of the monasteries and estates after the arrival of the Normans.




IDIR AN DÁ FHEARSAID

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Éabhlóid
ÚDAR | AUTHOR: Róise Ní Bhaoil

Sa chnuasach dánta seo feictear file atá ag fiosrú an tsaol agus a háit féin ann, file atá tarraingthe idir a baile dúchais agus a baile úr cathrach, idir dhreamanna daoine agus idir an saol ar mhian linn mar dhaoine daonna agus an saol atá amach romhainn.

In this collection of poems we see a poet who is investigating life and her own place in it, a poet who is drawn between her hometown and her new city, between people's dreams and between the life we want as human beings and what lies ahead for us all.




AG CUR CHUN FÓNAIMH: ÚDARÁS NA GAELTACHTA Ó 1980 I LEITH

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Cló-Iar Chonnacht
CURTHA INA EAGAR AG | EDITED BY: Gearóid Ó Tuathaigh & Breandán Mac Suibhne

Cnuasach alt agus aistí atá sa leabhar seo chun léargas a thabhairt do léitheoirí ar conas mar a tháinig ann d'Údarás na Gaeltachta, ar chuid dá phríomhréimsí oibre ó 1980-2020, mar aon le tuairiscí ó dhaoine a bhí baint acu leis an Údarás thar na blianta.

This book is a collection of articles and essays to give readers an insight into how the Údarás na Gaeltachta came to be, some of its main areas of work from 1980-2020, together with real life stories from people who were involved with the Údarás over the years.



AN GRÁ AGUS AN GHUAIM

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Éabhlóid
ÚDAR | AUTHOR: Seosamh Mac Grianna

Eagrán úr de chnuasach cáiliúil Sheosaimh Mhic Grianna, bunaithe ar an gcéad eagrán a cuireadh i gcló i 1929. Ba é An Grá agus an Ghruaim an dara cnuasach ó pheann Sheosaimh. San eagrán úr seo tugtar an litriú suas chun dáta le tús áite tugtha d'fhoghraíocht agus rithim nádúrtha an údair.

A new edition of the acclaimed short story collection by Seosamh Mac Grianna. This edition is based on the first edition first published in 1929. An Grá agus an Ghruaim is Seosamh Mac Grianna's second collection of short stories. In this edition the spelling and orthography is brought up to date with a precedence given to the natural speech and rhythm of the author.

Le foilseachán ar an liosta seo a ordú, déan teagmháil le ÁIS

To order a publication on this list, contact ÁIS: ais@forasnagaeilge.ie | 01-6616522



ÁISÍNEACHT
DÁILEACHÁIN
LEABHAR



Foras na Gaeilge




An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL



Gradam Uí Shúilleabháin

Leabhar Gaeilge na Bliana don Léitheoir Fásta
Book of the Year for the Adult Reader




SA PHOLL BÁITE

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Cló Iar-Chonnacht
ÚDAR | AUTHOR: Anna Heussaff

Úrscéal bleachtairéachta d'ardchaighdeán ina leagtar scéal casta tarraingteach amach ar bhealach a choinníonn aird an léitheora ó thús go deireadh. Tá Emer Uí Ghríofa imithe gan tás. I gcúinne uaigneach ar bhruach na Life a aimsíonn an Garda Réamonn Seoighe a corp. Tá a mac, Dan, cráite faoina bás ach cén drogall atá air labhairt leis na gardaí?

A high-quality detective novel that captivates readers with its exploration of societal discord, shining a penetrating light on the hidden poisons lurking within the human soul. Emer Uí Ghríofa has disappeared without a trace. Garda Réamonn Seoighe finds her body in a lonely corner on the banks of the Liffey. Her son, Dan, is devastated by her death but why is he reluctant to talk to the guards?




DEIRDRE

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Leabhar Breac
ÚDAR | AUTHOR: Darach Ó Scolaí

Tá scéal Dheirdre agus Chlann Uisnigh ar cheann de mhórscéalta na nGael. Cé gur iomaí leagan do pháistí a scríobhadh le 150 bliain anuas, is scéal úrnua do léitheoirí fásta a chuir an t-údar, Darach Ó Scolaí roimhe leis an leabhar seo, mar a bhí sa leagan is sine den scéal i Leabhar na Nua-Chongbhála.

The story of Deirdre and the sons of Uisneach is one of Ireland's greatest tales. Although there have been many versions for children written over the past 150 years, the author, Darach Ó Scolaí, has written a brand new story for adult readers, based on the oldest version of this timeless Irish tale.




SOLAS GEIMHRIDH

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Barzaz*
ÚDAR | AUTHOR: Laoighseach Ní Choistealbha

Is é seo an chéad chnuasach filíochta ó Ní Choistealbha. Tá ionracas agus úire sa chnuasach ina gcíorann an t-údar an fhéiniúlacht, fisiciúlacht na colainne, cumhacht agus ceangal na healaíne agus go leor eile.

This is the first poetry collection written by Ní Choistealbha. There is integrity and freshness in the collection where the author explores identity, the physicality of the body, the power and connection of art and much more.



SAIGHDIÚIR

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Leabhar Breac
ÚDAR | AUTHOR: Cathal Ó Searcaigh

In ainneoin na mílte Éireannach a thit i gcogadh mór 1914-1918, is beag trácht orthu i litríocht na Gaeilge. Seo é an chéad úrscéal sa teanga a insíonn a scéal. Ní hé amháin gur saothar ceannródaíoch é Saighdiúir ach is úrscéal cumhachtach frithchogaidh é.

Despite the thousands of Irish who fell in the great war of 1914-1918, there is little mention of them in Irish language literature. This is the first novel in the language that tells that story. Saighdiúir is not only a pioneering work, but is a powerful antiwar novel.

Le foilseachán ar an liosta seo a ordú, déan teagmháil le ÁIS

To order a publication on this list, contact ÁIS: ais@forasnagaeilge.ie | 01-6616522

** Is féidir foilseacháin Futa Fata / Barzaz a ordú ó Gill Distribution amháin*

Futa Fata / Barzaz publications are available to order via Gill Distribution only: 01-5009500



ÁISINEACHT
DÁILEACHÁIN
LEABHAR



Foras na Gaeilge




An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

Gradam Réics Carló

Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg

Book of the Year for the Young Reader



SCÉILÍNÍ SCANRÚLA

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Éabhlóid
ÚDAR | AUTHOR: Gabriel Rosenstock
MAISITHEOIR | ILLUSTRATOR: Graham Corcoran

Is úrscéal éadrom neamhghnách é seo do dhaoine óga atá lán de ghreann dóite agus de dhánacht shoineanta an pháiste. Ag an am chéanna, tá ceachtanna maithe le foghlaim as agus go leor eolais ann faoi thíortha eile.

This is an unusual light novel for young people that is full of burning humour and childish daring. At the same time, there are many lessons to be learned from it and a lot of information about other countries.




NA TRÍ MHUICÍN

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Futa Fata*
ÚDAR | AUTHOR: Áine Ní Ghlinn
MAISITHEOIR | ILLUSTRATOR: Paddy Donnelly

Athinsint véarsaíochta ar na síscéal clasaiceach Na Trí Mhuicín atá sa leabhar seo! Tá an greann go smior i véarsaí an údair san athinsint fhileata cheolmhar seo, agus tá féasta eile do na súile cruthaithe ag an maisitheoir dúinn.

This is the second book in Futa Fatas fairytale series which brings three little pigs squeaking and squealing into the 21st century! This age-old tale is retold by writer and poet Áine Ní Ghlinn with rhythm and rhyme and will be a glorious addition to any young child's library.



DEARGADH ANOIR

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: LeabhairCOMHAR
ÚDAR | AUTHOR: Iarla Mac Aodha Bhúí
MAISITHEOIR | ILLUSTRATOR: Mark Wickham

Úrscéal ficsean do dhaoine óga a thugann fínéid chumhachtacha ar an gcogadh sa Spáinn. Ag súil le tearmann a bhaint amach teitheann teaghlach siar i dtreo na teorann. Beidh turas fada crua roimh an leaid óg Alejo trína thír féin agus tíortha eile i bhfad i gcéin. An mbeidh deireadh leis an gcogaíocht go deo?

A fictional novel for young readers that gives a powerful account of the war in Spain. Hoping to find refuge, a family flees back towards the border. The young Alejo will have a long and hard journey through his own country and other distant countries. Will the war ever end?

Le foilseachán ar an liosta seo a ordú, déan teagmháil le ÁIS
To order a publication on this list, contact ÁIS: ais@forasnagaeilge.ie | 01-6616522

* Is féidir foilseacháin Futa Fata / Barzaz a ordú ó Gill Distribution amháin
Futa Fata / Barzaz publications are available to order by Gill Distribution only: 01-5009500



ÁISINEACHT
DÁILEACHÁIN
LEABHAR



Foras na Gaeilge



An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL



Gradam Réics Carló

Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg

Book of the Year for the Young Reader



AN MAC TÍRE DEIREANACH

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Futa Fata*

ÚDAR | AUTHOR: Patricia Forde

MAISITHEOIR | ILLUSTRATOR: Lauren O'Neill

Úrscéal ficsein don léitheoir óig suite in Éirinn sa bhliain 1652. Tá eagla agus imní ar na daoine, agus ní hiad siúd amháin atá thíos leis – tá Cromail ag iarraidh gach mac tíre in Éirinn a mharú, chomh tapa agus is féidir. Agus an grá atá ag Una d'ainmhithe, an féidir léi an mac tíre deireanach sa tír a chosaint ó Chromail agus óna chuid saighdiúirí?

A fiction novel for the young reader set in Ireland in the year 1652. The people are afraid and worried, and they are not the only ones who suffer from it - Cromwell wants to kill every wolf in Ireland, as quickly as possible. With Una's love for animals, can she protect the last wolf in the land from Cromwell and his soldiers?



ÓSTÁN NA BHFEITHIDÍ

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: An tSnáthaid Mhór

ÚDAR | AUTHOR: Áine Ní Ghlinn

MAISITHEOIR | ILLUSTRATOR: Andrew Whitson

Tá an scéal ríme seo foirfe do léitheoirí óga atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh, uimhreacha a fhoghlaim i nGaeilge nó scéal suaimhneach a léamh roimh am codlata. Faigh amach faoin bhfáilte a bheidh roimh fheithidí an ghairdín in Óstán teolaí cairdiúil na bhFeithidí. Bíodh siad mór nó beag, cruinn nó ard, déan iad a chomhaireamh agus iad ag súil le socrú síos ina seomraí speisialta féin.

This rhyming story is perfect for young readers who want to practice their Irish, learn numbers in Irish or read a relaxing story before bedtime. Discover the welcome that awaits the garden bugs at the warm and friendly Bug Hotel. Big or small, round or tall, count them as they look forward to bedding down in their own special rooms.



GEALACH AGUS GRIAN

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Futa Fata*

ÚDAR | AUTHOR: Muireann Ní Chíobháin

MAISITHEOIR | ILLUSTRATOR: Brian Fitzgerald

Scéal álainn faoi bheirt dlúthchairde, an ghealach agus an ghrian, a bhfuil an-chion acu ar a chéile...ach a theastaíonn beagán spáis dá gcuid féin uathu chomh maith!

A beautiful story about two close friends, the moon and the sun, who love each other very dearly...but from time to time, they need a little space of their own!

Le foilseachán ar an liosta seo a ordú, déan teagmháil le ÁIS

To order a publication on this list, contact ÁIS: ais@forasnagaeilge.ie | 01-6616522

* Is féidir foilseacháin Futa Fata / Barzaz a ordú ó Gill Distribution amháin
Futa Fata / Barzaz publications are available to order via Gill Distribution only: 01-5009500



ÁISINEACHT
DÁILEACHÁIN
LEABHAR



Foras na Gaeilge




An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL



Gradam de Bhaldraithe

Leabhar na Bliana do shaothar aistrithe go Gaeilge (ó theanga eile)
Book of the Year translated to Irish (from another language)




SCOTT PILGRIM

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Gliadar
ÚDAR | AUTHOR: Bryan Lee O'Malley
AISTRITHEOIR | TRANSLATOR: Seanán Ó Coistín, Brian C. Mac Giolla Mhuire & Katelyn McKenna

Is sraith trí leabhar í Scott Pilgrim ina mbuaileann an fhantasaíocht, an grá, an greann agus an dráma le chéile. Scott Pilgrim is ainm don phríomhcharachtar, “fear óg leibideach” a bhfuil cónaí air in Toronto, Ceanada.

Scott Pilgrim is a three book series where fantasy, romance, comedy and drama meet. The name of the main character is Scott Pilgrim, a young man who lives in Toronto, Canada.




ATHMHÁTHAIR

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Éabhlóid
ÚDAR | AUTHOR: Michela Murgia
AISTRITHEOIR | TRANSLATOR: Máire Nic Mhaoláin

Tá an t-úrscéal seo suite sa tSairdín, sna blianta 1950-1960, nuair atá an tsochaí ag teacht amach as an mbochtaineacht. I ndiaidh dhá chogadh dhomhanda tá sean-nósanna á gcleachtadh go fóill, agus an teanga dhúchais fós i réim. Is cuma an raibh an Accabadora ann dáiríre an t-am sin, nó an ea nach raibh inti ach pearsa bhéaloideas a dhéanfaí fós a phlé, seo saothar neamhghnách le húdar Sardach, arb é ceann de thraidisiúin an oileáin príomhábhar an scéil.

This novel is set in Sardinia, in the years 1950-1960, when society is emerging from poverty after two world wars, old customs are still practiced, and the native language prevails. Regardless of whether the Accabadora actually existed at the time, or if she was only a folklore figure that would still be discussed, here is an unusual work by the author of Sardach, in which one the island's traditions is the main subject of the story.



MEIDÉA

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Coiscéim
ÚDAR | AUTHOR: Euripides
AISTRITHEOIR | TRANSLATOR: Simon Ó Faoláin

Aistriúchán ar an dráma tragóideach Ghréigeach iomráiteach de chuid Eoiripidéas, le réamhrá cuimsitheach agus ealaín le Dómhnal Ó Bric.

A translation of the famous Greek tragic play by Euripides, with a comprehensive introduction and art by Dómhnal Ó Bric.

Le foilseachán ar an liosta seo a ordú, déan teagmháil le ÁIS

To order a publication on this list, contact ÁIS: ais@forasnagaeilge.ie | 01-6616522




An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL



Gradam de Bhaldráithe

Leabhar na Bliana do shaothar aistrithe go Gaeilge (ó theanga eile)
Book of the Year translated to Irish (from another language)



AN BUACHAILL, AN CAOCHÁN, AN SIONNACH AGUS NA TRODAOIRÍ 1 - AN PHRINTÍSEACHT

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Dalen Éireann
ÚDAR | AUTHOR: Jonathan Garnier & Amélie Fléchais
AISTRITHEOIR | TRANSLATOR: Caitlín Nic Íomhair

Úrscéal grafach do dhaoine óga atá sa leabhar seo. Tá deich mbliana caite ó d'imigh fir an tsráidbhaile le dul ag troid sa Chogadh Mór. Agus iad imithe, bunaíodh Na Trodaoirí – ord mórluachach de throdaithe ban a thugann cosaint don cheantar.

Ten years have passed since the men left the village to fight in the Great War. Ten years without hearing from them. A new Order is formed, all women, and their mission is to protect their people and their village.




HEARTSTOPPER

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Futa Fata*
ÚDAR | AUTHOR: Alice Oseman
AISTRITHEOIR | TRANSLATOR: Eoin McEvoy

Leagan Gaeilge den chéad leabhar sa tsraith iomráiteach ar ar bunaíodh an sraith teilifíse ar Netflix. Beirt bhuachaillí. Cairdeas. Ansin, grá. Scéal mór-ráchairte LADTA+ faoin saol, faoin ngrá agus faoi gach uile rud idir eatarthu.

An Irish translation of the first book in the famous series on which the TV series on Netflix was founded. Two boys. Friendship. Then, love. A hit LGBTQ+ story about life, love and everything in between.



ORTHA AN TUAMA: DE BHEOIBH NÓ DE MHAIRBH

FOILSITHEOIR | PUBLISHER: Dalen Éireann
ÚDAR | AUTHOR: Jean Léturgie, Simon Léturgie & Richard Di Martino
AISTRITHEOIR | TRANSLATOR: Seaghan Mac an tSionnaigh

Úrscéal grafach do dhaoine óga atá sa leabhar seo. Ní fada ó cailleadh máthair Líse, ach ní chuirfidh sé sin aon stop leis an gceiliúradh a bhí beartaithe aici dá fichiú breithlá. Cumann Pól manglam marfach amach as na biotáillí aduaine i bhfánchúinní na cistine, agus cuireann Neidí a phutóga amach dá thoradh - a chuid urlacain síos le fána agus isteach sa reilig in aice láimhe. Mealltar dá réir sin drong zombaithe ar chuireadh gan iarradh chun na cóisire.

This is a graphic novel for young readers. Not long ago Líse's mother passed away, but that will not stop the celebration she had planned for her 20th birthday. Pól concocts a deadly cocktail out of the human spirits in the nooks and crannies of the kitchen, and Neidí throws his guts out as a result - down a slope and into the nearby cemetery. A gang of unsolicited zombies is thus attracted to the party.

Le foilseachán ar an liosta seo a ordú, déan teagmháil le ÁIS
To order a publication on this list, contact ÁIS: ais@forasnagaeilge.ie | 01-6616522

** Is féidir foilseacháin Futa Fata / Barzaz a ordú ó Gill Distribution amháin
Futa Fata / Barzaz publications are available to order via Gill Distribution only: 01-5009500*



An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

Gearrliosta na nGradam Foilsitheoireachta 2024

Irish Language Publishing
Awards Shortlist 2024



www.antoireachtas.ie/gradaim-foilsitheoireachta

**LOVE
LEABHAR
GAELIGE**
Le Foras na Gaeilge



ÁISÍNEACT
DÁILEACHÁIN
LEABHAR


Foras na Gaeilge